

Polasaí Iontrála Scoil Lorcáin

Cearnóg Eaton, An Charraig Dhubh, Co.Bhaile Átha Cliath.

Uimhir rolla:18451J

Pátrún na Scoile: Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath

1. Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 26 Iúil 2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Scoil Lorcáin leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hiontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht le chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh forlámhas.

2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Aidhmeanna agus Dúnghaois

Bunscoil náisiúnta lán-Ghaelach chomhoideachais le héiteas Caitliceach faoi phátrúnacht Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath is ea Scoil Lorcáin.

Bunaíodh an scoil sa bhliain 1952 leis na haidhmeanna seo a leanas:

- (i) Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí as teaghlaigh gurb í an Ghaeilge an ghnáth-theanga iontu;
- (ii) Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí eile agus a chur ar a gcumas bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge;
- (iii) Timpeallacht Ghaelach a chur ar fáil agus dúil sa Ghaeilge agus i saíocht na Gaeilge a chothú i measc na ndaltaí agus na dtuismitheoirí. Is príomhchuspóir de chuid na scoile í an teanga a chothú.

Ciallaíonn ‘éiteas Caitliceach’ éiteas agus spiorad saineúil na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí, a chuireann chun cinn

-forbairt iomlán na ndaltaí - idir intleachtúil, mhothálach, fhisiciúil, spioradálta, aeistéitiúil agus shóisialta

- gaol beo le Dia agus le daoine eile
- fealsúnacht saoil bunaithe ar chreideamh i nDia agus saol, bás agus aiséirí Íosa; agus
- oiliúint na ndaltaí sa chreideamh Caitlicí

Cuirimid oideachas reiligiúnda ar fáil do na daltaí de réir dhúnghaoisí, chleachtas agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus/nó de réir mar a leagann Comhdháil Easpag na hÉireann amach.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don phátrún as, spiorad saineúil na scoile de réir na luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, reiligiúnda, sóisialta, teangúla agus spioradálta a threoraíonn chuspóirí agus reáchtáil na scoile.

Is é ár nDúnghaois i Scoil Lorcáin ná sár-oideachas lán-Ghaelach Caitliceach a chur ar fáil do dhaltaí na scoile mar bhunscoil chomhoideachais.

Cuirimid ár nDúnghaois i bhfeidhm trí:

- chothrom na Féinne a thabhairt do Phobal na Scoile ar bhealach cairdiúil, cothrom, réasúnta
- bhéim a chur ar fhorbairt Phobal na Scoile mar shaoránaigh d’Éirinn agus den domhan
- mheas orainn féin agus ar dhaoine eile agus ar ár gcultúr Gaelach agus ar chultúir eile a chothú agus cúrsaí timpeallachta a chur chun cinn
- bhéim a chur ar shábháltacht agus ar shástacht dhaltaí
- na daltaí a ullmhú don oideachas iarbhunscoile agus don saol amach rompu

Creidimid go bhfuil na haidhmeanna agus an dúnghaois seo ag teacht le fíis an Choiste Bunaithe.

3. Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Scoil Lorcáin idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach sa scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

- a. inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- b. stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- c. stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- d. gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- e. reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- f. bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- g. cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- h. dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
- i. riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

Scoil shainchreidmheach

Is scoil í Scoil Lorcáin arb í an chuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

Scoil Ghaeilge

Is scoil lán-Ghaeilge tumoideachais í Scoil Lorcáin arb í an chuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna teanga áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach bhfuil líofacht áirithe Gaeilge aige/ aici agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta

Tá daltaí le riachtanais speisialta oideachais i ranganna éagsúla sa scoil. Fáiltíonn Scoil Lorcáin roimh na daltaí seo agus déanaimid gach iarracht freastal ar a riachtanais. Ní Scoil Speisialta í Scoil Lorcáin agus níl aon rang speisialta sa scoil faoi láthair.

5. Daltaí a Ligean Isteach

Ligfear isteach sa scoil gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

- a. i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

- b. i gcás go dteipeann ar thuismitheoir/chaomhnóir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin.

6. Ró-éileamh

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfar na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

Critéir roghnúcháin

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith agus sa scoil ina hiomláine a leagadh síos.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar i leibhéal ranga na Naíonán Sóisearach agus i leibhéal ranga na Naíonán Sinsearach ná 60.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar in aon leibhéal ranga Rang 1-6 ná 62.

I gcás ró-éilimh, is mar seo a dháilfear na háiteanna:

Rang na Naíonán Sóisearach

Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh an 1 Meán Fómhair don bhliain iarratais.

Maidir le hiarratais a fuarthas do na blianta 2021, 2022, 2023, 2024, 2025 roimh an 1 Feabhra 2020, déileálfar leis na hiarratais sin faoi fhorálacha an Pholasaí Iontrála a bhí i bhfeidhm ag an am sin.

Polasaí Iontrála Scoil Lorcáin 2020

Is san ord seo a chuirfear na hiarratasóirí a chláraítear de réir an Pholasaí Iontrála seo. I ngach fo-chatagóir thíos nach bhfuil áit le tairscint do gach iarrthóir san fho-chatagóir, cuirfear na hiarratasóirí ar fad in ord de réir aoise, iarrthóir is sine ar dtús, ach amháin do na hiarratasóirí déanacha, a chuirfear in ord de réir dáta faighte an iarratais.

- Páistí a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh an 1 Meitheamh den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh go bhfuil leibhéal líofachta sa Ghaeilge acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógaint san áireamh aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil Ghaeilge.
- Siblín le dalta atá ag freastal ar an scoil a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh an 1 Meitheamh den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dó/ di.

- Iarratais eile a fhaighfear roimh an dáta deireanach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad roimh an 1 Meitheamh den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.
- Páistí a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis an 31 Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh go bhfuil leibhéal líofachta acu sa Ghaeilge atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógaint san áireamh aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaithe ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil Ghaeilge.
- Siblín le dalta atá ag freastal ar an scoil, a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis an 31 Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh
- Iarratasóirí eile a fuarthas roimh an dáta deireanach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis an 31 Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.
- Iarratais a fhaightear lasmuigh den amfráma atá leagtha síos.

Nóta: Sa chás gur mian le tuismitheoirí go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/ aici sa Ghaeilge tabharfar cuireadh don tuismitheoir fianaise a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú do ionadaithe an Bhord Bainistíochta. Is gá an fhianaise sin a chur ar fáil leis an iarratas, seachas fianaise a chuirtear ar fáil ag cruinniú sa scoil a eagróidh an Bord Bainistíochta, má iarrann tuismitheoir/caomhnóir é.

Má ghactar leis an bhfianaise, ach go mbeartaíonn an tuismitheoir an páiste a chur siar go dtí Liosta Iarrthóirí na bliana ina dhiaidh sin, ní bheidh gá fianaise a chur ar fáil arís don leibhéal líofachta sa Ghaeilge.

Muna nglactar leis an bhfianaise cuirfear an t-iarratasóir i gcatagóir eile, de réir mar is cuí.

Is féidir achomharc i scríbhinn/ríomhphost a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta laistigh de sheachtain amháin ón gcinneadh a fháil.

I gcás achomhairc, ainmneoidh an Bord Bainistíochta beirt ionadaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil maidir le líofacht an pháiste. Ní cheadófar fianaise nua.

Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deireanach.

Maidir le hiarratas déanach do siblín le dalta atá ag freastal ar an scoil nó le hiardhalta a d'fhreastal ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh an 1 Meitheamh den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh, beidh sé de chead ag an mBord Bainistíochta, i gcásanna eisceachtúla, an áit a bheadh tugtha don iarratas ar Liosta na nIarrthóirí dá mbeadh sé faighte in am a thabhairt.

7. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn páiste á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

- a. freastal roimh ré ag páiste ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,
- b. íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;
- c. cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an pháiste seachas de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht
- d. gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí pháiste;
- e. ceanglas go bhfreastalóidh páiste, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
- f. ceangal pháiste leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin; seachas, i gcás siblíní dalta a fhreastalaíonn ar an scoil.
- g. an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála,

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Tá sé sin faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

8. Cinntí ar iarratais

Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Scoil Lorcáin bunaithe ar na nithe a leanas:

- Polasaí iontrála na scoile
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);

- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil le agus i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe i bhfógra iontrála bliantúil na scoile chun iarratais a fháil;

Ní úsáidfeadh critéir roghnúcháin nach n-áirítear i bpolasaí iontrála na scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit sa scoil.

9. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas i ríomhphost/scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do pháiste sa scoil, cuirfeadh na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an pháiste i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an pháiste ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithnithe/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach [alt 18](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

10. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir – treoir don tuismitheoir/chaomhnóir

Agus tairiscint áite ó Scoil Lorcáin á glacadh ag tuismitheoir/caomhnóir, ní mór an méid a leanas a léiriú—

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má glacadh le tairiscint den sórt sin, ní mór sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuiltear ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh nó ar féidir tairiscint a tharraingt siar dá mbarr.

Ní féidir le Scoil Lorcáin tairiscint iontrála a dhéanamh, nó is féidir tairiscint a tharraingt siar, sna cásanna a leanas —

- i. déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
- ii. teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
- iii. má theipeann ar thuismitheoir/chaomhnóir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an páiste an cód sin; nó

iv. teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas.

12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66 (6) den Acht Oideachais (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

Tá ceadaithe de réir Alt 66 (6) do scoil liosta de na páistí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile:

- (i) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil,
- (ii) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil, nó
- (iii) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile.

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:

- (i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile;
- (ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile;
- (iii) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint ar áit scoile;

- v. sonraí pearsanta pháiste lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).

13. Liosta Iarratasóirí i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta iarratasóirí de pháistí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Scoil Lorcáin mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh sé bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar Liosta Iarratasóirí Scoil Lorcáin san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na bpáistí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo. Cuirfear aon iarratas a fhaightear tar éis an dáta deireannach d'iarratais ag bun an Liosta Iarratasóirí de réir an dáta a fhaightear an t-iarratas.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na páistí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na páistí ar an liosta.

14. Iarratais Dhéanacha

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasáí iontrála na scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

Cuirfear iarratasóirí déanacha ar an eolas faoin gcinneadh maidir lena n-iarratas laistigh de thrí seachtaine ó dháta an iarratais. Tairgeo far áiteanna d'iarratasóirí déanacha má tá spásanna ar fáil. Muna bhfuil spásanna ar fáil cuirfear na hainmneacha ar an Liosta Iarrthóirí mar atá leagtha amach i Mír 13.

15. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:

Clárúcháin i rang na Naíonán Sinsearach

Má bhíonn folúnta(i)s i rang na Naíonán Sinsearach agus níos mó iarratas ar áiteanna ná mar atá folúntas déanfar na háiteanna sin a dháileadh de réir na gcritéar do rang na Naíonán Sóisearach.

Clárúchán i Ranganna seachas ranganna na Naíonán Sóisearach agus Sinsearach.

Glacfar le páistí i ranganna Rang 1 – Rang 6 má tá spás sa rang, agus má shíleann an Príomhoide/Bord Bainistíochta cumas Gaeilge an pháiste a bheith ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar theanga eile chun cumarsáid a dhéanamh. Is faoin tuismitheoir a bheidh sé fianaise chuige seo a chur os comhair an Bhord Bainistíochta leis an iarratas.

Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas rang na Naíonán Sóisearach litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile.

Má fhaightear iarratais d'áit i rith na bliana déileálfar leis ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Bainistíochta. Má tá folúntas/folúntais i rang agus níos mó iarratas ná mar atá folúntais cuirfear in ord iad de réir na gcritéar

- líofacht sa Ghaeilge

- siblín le dalta atá ag freastal ar an scoil nó le hiardhalta a d'fhreastail ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad nó le hiarratsóir a bhfuil áit tairgthe dó/di agus glactha i Scoil Lorcáin

- toscaí eile

Caithfear fianaise ar leibhéal sásúil líofacht sa Ghaeilge a chur ar fáil sula dtairgeofar áit. Muna nglacann an Bord Bainistíochta leis an bhfianaise, tairgeofar an áit don chéad iarratasóir eile.

Is ag cruinniú na Bealtaine den Bhord Bainistíochta a dhéileálfar le hiarratais atá faighte roimhe sin don chéad scoilbhliain eile. Déileálfar le hiarratais a thagann ina dhiaidh sin ag aon chruinniú eile roimh shaoire an tSamhraidh. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta údarás don Phríomhoide nó do dhaoine eile déileáil le hiarratais de réir pholasaí na scoile thar a cheann idir chruinniú deireanach na scoilbhliana agus chéad chruinniú na scoilbhliana nua.

16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh Bord Scoil Lorcáin ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgóidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

- a. iarratas ar pháiste a ligean isteach sa scoil, nó
- b. iontráil nó clárú leanúnach pháiste sa scoil.

17. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Ní mór do scoileanna a chuireann teagasc reiligiúnach ar fáil do dhaltaí an chuid seo a chomhlánú.

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí/caomhnóirí, go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe seo.

Ba cheart iarratas scríofa a dhéanamh chuig Príomhoide na scoile. Beidh cead ag daltaí nach bhfuil ag freastal ar oideachas reiligiúnach fanacht sa rang nó dul chuig rang eile, má iarrann an tuismitheoir/caomhnóir é sin.

18. An ceart chun athbreithnithe/achomhairc

Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir/caomhnóirí iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú dá bpáiste. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tabhair faoi deara: Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór do thuismitheoir/caomhnóir an iarratasóra iarraidh ar an mbord bainistíochta athbhreithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir an iarratasóra iarraidh ar an mbord bainistíochta athbhreithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir pháiste achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** do thuismitheoir/caomhnóir an iarratasóra iarraidh ar an mbord bainistíochta athbhreithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)


Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir a iarraidh ar an mbord bainistíochta athbhreithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna

gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Críoch



13 Lúnasa 2020

Admission Policy

Scoil Lorcáin

Cearnóg Eaton, An Charraig Dhubh. Co. Bhaile Átha Cliath

Uimhir Rolla: 18451J

Patron: Catholic Archbishop of Dublin

1. Introduction

This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the Board of Management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.

The policy was approved by the school patron on 26 July 2020. It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.

The relevant dates and timelines for Scoil Lorcáin admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.

The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

2. Characteristic spirit and general objectives of the school

Scoil Lorcáin is an All-Irish Catholic co-educational primary school with a Catholic ethos under the patronage of the ArchBishop of Dublin

The school was founded in 1952 with the following aims:

- i. To provide a primary school education for pupils for whom Irish is the spoken language at home;
- ii. To provide a primary school education through the medium of Irish for all pupils irrespective of the main language spoken at home and to foster fluency in them in the Irish language;
- iii. To provide an environment where the desire to learn the Irish language can be fostered among pupils and parents alike.

